Curaclam
Thuaisceart Éireann

IAR-BHUNSCOIL

TREOIR GHASTA AR AN CHURACLAM

Bí ag Súil Leis Seo agus
Do Pháiste ar an Iar-bhunscoil

IAR-BHUNSCOIL

TREOIR GHASTA AR AN CHURACLAM

Táimid beo sa saol atá ag athrú. Beidh níos mó roghanna gairme ag ár bpáistí ná mar a bhí againn.

Más i ndán go mbeidh rath orthu, caithfidh ár bpáistí a bheith in ann freagairt don athrú agus a gcuid eolais agus scileanna a úsáid i réimse leathan suíomhanna.

Chun do pháiste a ullmhú don todhchaí, b'éigean an curaclam scoile a chur in oiriúint. Chuige sin in 2007, rinneadh roinnt athruithe tábhachtacha ar an churaclam do gach páiste idir 4–16 bliana d'aois. Tugadh isteach go fadálach iad seo. Ba é 2009/10 an chéad scoilbhliain a teagascadh an curaclam nua do gach dalta.

Sa leabhrán seo tugtar achoimre ghairid ar phríomhghnéithe an churaclaim. Is féidir a thuilleadh eolais a fháil trí dhul chuig suíomh gréasáin Churaclam Thuaisceart Éireann ag **www.nicurriculum.org.uk**



Na Céimeanna



Beidh tréimhse do pháiste ar an iar-bhunscoil rannta suas in dhá Eochairchéim:

- Ag Eochairchéim 3 (Blianta 8-10), foghlaimeoidh do pháiste faoi réimse leathan ábhar lena n-ullmhú chomh maith agus is féidir do roghanna atá amach rompu ina saol.
- Ag Eochairchéim 4 (Blianta 11 agus 12), beidh do pháiste in ann na cúrsaí agus na cáilíochtaí is fearr a oireann dóibh a roghnú ó réimse cúrsaí agus cáilíochtaí.

Na hÁbhair

Tá go leor gnéithe aithnidiúla i gceist leis an churaclam, agus beidh daltaí go fóill ag foghlaim faoi na príomhábhair, amhail matamaitic agus eolaíocht.

Tá ábhair grúpáilte le chéile anois faoi Réimsí Foghlama. Tá sé seo ina chuidiú do do pháiste an gaol idir ábhair éagsúla fheicéail. Mar shampla, faoin Réimse Foghlama An Timpeallacht agus an tSochaí tugtar ina chéile tíreolaíocht agus stair.

Tá Réimse Foghlama nua ann chomh maith ar a dtugtar Ag Foghlaim don Saol agus don Obair (FSO). Tá mar chuspóir aige seo do pháiste a ullmhú don saol mar dhuine fásta agus an tuiscint agus na scileanna a thabhairt dóibh a bheidh de dhíth orthu le maireachtáil agus le dul ag obair sa tsochaí.

Déanann seo na hábhair is nua den churaclam a ghrúpáil:

- Forbairt Phearsanta
- Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda
- Oideachas le haghaidh Infhostaitheachta

Do Bhlianta 8-10, tá Eacnamaíocht Bhaile san áireamh chomh maith – ábhar atá mar chuid den churaclam le fada ach atá anois mar riachtanas do gach dalta.

Foghlaimeoidh do pháiste go fóill an t-eolas agus na scileanna atá riachtanach do gach Réimse Foghlama agus na hábhair atá iontu, agus beag beann ar aois do pháiste nó cá háit a dtéann siad ar scoil, beidh aird á díriú i gcónaí ar na scileanna atá de dhíth orthu le go n-éireoidh leo, amhail léitheoireacht, scríbhneoireacht agus matamaitic.

"Creidim go bhfuil saoránacht tábhachtach mar is fearr a thuigim anois an dóigh le caitheamh go cothrom le daoine agus le meas a thabhairt do chiníocha eile."
Dalta



Na Naisc

Is fearr a thógfaidh páistí léann ach é a bheith ábhartha agus nasctha.

Más féidir é, spreagfaidh múinteoirí do pháiste le scileanna a chleachtadh agus a fhorbairt agus le naisc a dhéanamh trasna roinnt ábhar.

Glactar ceacht ar chumhacht gaoithe, mar shampla. Is féidir go ndéanfar é a nascadh le *heolaíocht, teicneolaíocht* agus *Gaeilge* nuair a bheidh na daltaí ag dearadh innill ghaoth-thiomáinte oibríocha mhionscála agus ag plé na gceisteanna a ghabhann leis.

Trí ghníomhaíochtaí nasctha den chineál seo, ina mbaineann obair ar thopaic amháin úsáid as eolas agus as scileanna a d'fhorbair daltaí san fhoghlaim atá déanta acu cheana, feiceann siad dóibh féin an dóigh ar féidir *an méid atá ar eolas acu* agus *an méid atá siad in ann a dhéanamh* a aistriú agus a chur in oiriúint ar go leor bealaí éagsúla do shuíomhanna éagsúla.

Na Scileanna le 'Déanamh' go maith

Tá an méid is féidir le daoine óga a *dhéanamh* chomh tábhachtach céanna leis an méid atá ar eolas acu nó an méid a thuigeann siad.

Sa churaclam leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann leis na scileanna a fhorbairt a chaithfidh do pháiste a fhoghlaim go maith, agus nach mór a bheith aige/aici más i ndán go mbeadh rath air/uirthi sa saol agus san obair. Dá bhrí sin, leanfaidh múinteoirí orthu de bheith ag teagasc, ag forbairt agus ag measúnú na scileanna saoil bunriachtanacha, amhail Cumarsáid (léitheoireacht, scríbhneoireacht agus éisteacht), Úsáid na Matamaitice agus TFC. Scileanna Traschuraclaim a thugtar orthu seo.

Lena chois sin, beidh deiseanna go leor ag do pháiste le scileanna smaointeoireachta (amhail bainistiú faisnéise, a bheith cruthaitheach, smaointeoireacht, fadhbréiteach agus cinnteoireacht) agus ábaltachtaí pearsanta (amhail féinbhainistiú agus ag obair le daoine eile) a fhorbairt, a úsáid agus a chur i bhfeidhm. Tá na scileanna seo fite fuaite trí gach rud a fhoghlaimíonn do pháiste agus mar chuid nádúrtha de gach ábhar.



Na Cúrsaí/ Cáilíochtaí

De réir dlí is éigean do scoileanna éagsúlacht cáilíochtaí níos leithne a ofráil do do pháiste.

An Creat Teidlíochta a thugtar air seo. Faoi 2013, beidh 24 cúrsa ar a laghad á n-ofráil ag scoileanna ag Eochairchéim 4 (Blianta 11-12) agus 27 cúrsa ar a laghad ag iar-16 (Blianta 13-14) Dá bhrí sin, beidh do pháiste in ann roghnú ó réimse d'ábhair ghinearálta ('acadúil'), amhail eolaíocht agus stair, agus ó chúrsaí feidhmeacha ('gairmchúrsaí') mar a thugtar orthu, amhail innealtóireacht agus ábaltacht airgeadais. Mar gheall ar rogha níos leithne a bheith ann beidh tusa agus do pháiste in ann an measc cúrsaí a roghnú is fearr a riarann ar na leasanna agus riachtanais ar leith atá acu.

An Measúnú

Is fearr a thógfaidh daltaí léann ach iad breathnú ar a gcuid oibre agus an méid atá déanta acu a athbhreithniú.

Sa churalam anois spreagtar daltaí go láidir le bheith páirteach ina measúnú féin. I rith na bliana, cuideoidh múinteoirí le do pháiste a thuiscint cad chuige a bhfuil siad ag foghlaim faoi thopaic agus faoin dóigh lena bhfoghlaim a fheabhsú trí thabhairt ar do pháiste ceisteanna den chineál seo thíos a chur agus a fhreagairt:

- Cad é atá déanta go maith agam?
- Cad é a d'fhéadfainn a fheabhsú don chéad uair eile?

Is féidir leat a bheith ag súil leis chomh maith go mbeidh tráchtanna scríofa ar obair do pháiste le moltaí faoin dóigh ar féidir leo feabhsú.

Ar chruinniú na dtuismitheoirí, beidh tú in ann labhairt leis an mhúinteoir faoi dhul chun cinn do pháiste agus faoin dóigh ar féidir leat tacú lena bhfoghlaim sa bhaile.

"Is aoibhinn liom a fháil amach cad é a cheapann gach duine faoi mo chuid oibre"
Dalta



An Tuairisciú

I dtuairisc bhliantúil do pháiste cuirfear i bhfios duit, ar roinnt bealaí, faoin fhoghlaim agus faoin dul chun cinn atá déanta acu.

Gach bliain úsáidfidh múinteoirí an tuairisc bhliantúil le feidhmíocht do pháiste a chur i bhfios duit sna réimsí seo a leanas:

- na hábhair (Réimsí Foghlama);
- na Scileanna Traschuraclaim;
- na Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta; agus
- aon cháilíochtaí atá á nglacadh acu (Blianta 11 agus 12 amháin).

I mBliain 10 (ag deireadh Eochairchéim 3), bronnfaidh an múinteoir leibhéal do gach Scil

Thraschuraclaim ar do pháiste bunaithe ar bhreathnuithe agus mheasúnú an mhúinteora ar dhul chun cinn do pháiste. Cuirfidh gach leibhéal in iúl cad é mar atá ag éirí leo sna réimsí tábhachtacha seo, agus beidh siad seo le feiceáil sa tuairisc bhliantúil acu. Agus páistí ag dul tríd an iar-bhunscoil, táthar ag súil leis go mbeidh a gcumas i ngach ceann de na scileanna ag dul i bhfeabhas agus go rachaidh siad chun cinn ó leibhéal is ísle go dtí leibhéal is airde.

I gcás cuid mhór de na daltaí, beidh leibhéal 5 bainte amach acu faoi dheireadh Eochairchéim 3, agus beidh leibhéil 6 agus 7 ina ndúshlán ceart do na daltaí is cumasaí.



Tuilleadh Eolais De Dhíth?

Más mian leat a thuilleadh eolais a fháil ar Churaclam Thuaisceart Éireann, ar na Réimsí Foghlama nó ar mheasúnú, téigh chuig na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

Curaclam Thuaisceart Éireann
www.nicurriculum.org.uk

Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann
www.deni.gov.uk

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT**
29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning